



Ollscoil
Teicneolaíochta
an Atlantaigh

Atlantic
Technological
University



Údarás na
Gaeltachta



Turasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí **Scoláireacht Cúrsa Máistreachta 2025**

Tá áthas ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, iarratais a lorg ar scoláireachtaí don chúrsa máistreachta i dTurasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA). Tá an Mháistreacht san Eolaíocht i dTurasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí, Leibhéal 9, oiriúnach dóibh siúd atá tiomanta inbhuanaitheacht a threorú san earnáil turasóireachta agus imeachtaí. Cuirfear an cúrsa seo ar fáil ar líne, le 3 huaire an chloig de ranganna tráthnóna in aghaidh na seachtaine, oireann sé do dhaoine gairmiúla gnóthacha. San áireamh leis an gcúrsa seo tá ábhar taifeadta, turais allamuigh roghnacha, agus tionscadail phraiticiúla a dhíríonn ar cheannaireacht inbhuanaitheachta, tomhas tionchair, agus bainistíocht. Ba chóir d'iarratasóirí Grád B1 TEG a bheith acu nó díogras láidir a léiriú don teanga agus don Ghaeltacht, agus fonn a bheith orthu an Gaeilge a fhoghlaim le linn na tréimhse sparánachta.

Creidiúnú Seachtrach

Tá an cúrsa seo creidiúnaithe ag A Greener Future, rud a thugann aitheantas dá thiomantas don inbhuanaitheacht agus don sármhaitheas.



An bhfuilim incháilithe chun iarratas a dhéanamh?

Ní mór d'iarrthóirí céim Bhaitsiléara Gnó Leibhéal 8 a bheith acu le grád H2.2 ar a laghad i disciplín na turasóireachta, imeachtaí, fáilteachais, gnó, margaíochta, nó disciplín gnó gaolmhar eile, agus leibhéal B1 TEG a bheith acu. Beidh ar iarrthóirí nach gcomhlíonann an caighdeán feidhmíochta H2.2 i ndámhachtain Leibhéal 8 iarratas a dhéanamh trí phróiseas Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) OTA.

An bhfuil scrúduithe foirmiúla ann?

Ní bheidh aon scrúduithe foirmiúla ann. Ina áit sin, beidh dhá phíosa measúnaithe i ngach modúl i mbliain 1 (5 chreidmheas, Leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí). Níl aon scrúduithe i mbliain 2 ach an oiread, agus déanfar measúnú trí Thionscadal Taighde/Buaic-Chúrsa a chríochnú.

Cad iad na costais a chlúdaíonn an scoláireacht?

Clúdaíonn an scoláireacht na táillí a bhaineann leis an Mháistreacht san Eolaíocht, 2 bhliain, i dTurasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí.

Conas a bhronntar sparánachtaí?

Is trí scoláireacht ina iomláine atá ar fáil. Déanfaidh OTA agus Údarás na Gaeltachta na critéir roghnúcháin a bhainistiú de réir a chórais fhaofa agus a phróisis agallaimh.

Conas a dhéanaim iarratas ar an scoláireacht?

Seol ríomhphost dar teideal 'Léiriú Suime i Scoláireacht MSc i dTurasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí' chuig an Comhordaitheoir Cláir in OTA.

Is é 5i.n., 15 Lúnasa 2025, an spriocdháta le haghaidh Léirithe Suime don scéim sparánachta.

Domhnall Melly, Comhordaitheoir an Chláir

Domhnall.Melly@atu.ie



Déan scanadh anseo

